**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0487/2023**

29.11.2023

# TOGRA LE hAGHAIDH GNÍOMH AONTAIS

arna chur síos de bhun Riail 47(2) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an ngá chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle

**Jorge Buxadé Villalba, Mazaly Aguilar, Hermann Tertsch, Margarita de la Pisa**

**B9-0487/2023**

**Togra le haghaidh gníomh de chuid an Aontais maidir leis an ngá chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint d'Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagail 38, 43, 114, 168(4)(b) agus 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle,

– ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1826 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2016 maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí tríchioglasól, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh,

– ag féachaint do thuarascáil EFSA-Q-2018-00338, an 7 Nollaig 2022, maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh tríchioglasól i rís,

– ag féachaint do Riail 47(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go gcumhdaítear formheas táirge cosanta plandaí lena úsáid san Aontas faoi láthair le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh;

B. de bhrí, mura bhformheastar an tsubstaint sin, gur cheart uasleibhéil iarmhar (MRLanna) a leagan síos trí bhíthin rialachán cur chun feidhme ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin;

C. de bhrí, de réir Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, go bhféadfaidh táirgeoir iarratas a dhéanamh trí Bhallstát ar MRL le haghaidh substainte a mhéadú agus, i gcás tuairim dhearfach, go mbeadh feidhm ag MRL nua maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas agus i dtríú tíortha araon;

D. de bhrí gur féidir méadú ar MRL, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, a dheonú do shubstaint a bhfuil toirmeasc uirthi san Aontas, rud a chruthódh neamhréireacht agus nach gcuirfeadh táirgeoirí AE ar chomhchéim le táirgeoirí i dtríú tíortha;

E. de bhrí, sa chás thuasluaite agus faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair, chun úsáid na substainte a bhfuil toirmeasc uirthi san Aontas agus ar leasaíodh an MRL ina leith a fhormheas, go gcaithfí an nós imeachta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a leanúint, de bhrí go luaitear in Airteagal 7 den Rialachán sin go bhfuil táirgeoir na substainte gníomhaí freagrach as iarratas ar fhormheas na substainte nó as leasú ar na coinníollacha formheasa a chur faoi bhráid Ballstáit; de bhrí nach féidir tús a chur leis an nós imeachta in aon bhealach eile, rud a fhágann

go mbeidh táirgeoirí AE gan chumhacht agus leochaileach d'iomaíocht éagórach;

1. á iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh, faoin [...] ar a dhéanaí, ar bhonn Airteagal 168(4)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle; ag tabhairt dá haire, trí bhíthin athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, i gcás ina bhfuil tuarascáil dhearfach sa tuairim réasúnaithe ón Údarás, arna tabhairt i gcomhréir le Caibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, maidir le substaint ghníomhach a bhfuil toirmeasc uirthi san Aontas lena gceadaítear a MRLanna a mhéadú ó na leibhéil a leagadh síos roimhe sin, go ndéanfaí na nósanna imeachta maidir le hiarratais ar fhormheas dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a thionscnamh go huathoibríoch dá bhrí sin i gcomhréir leis na bealaí dá bhforáiltear sa Rialachán sin, gan gá le hiarratas sonrach a dhéanamh;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún, agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 á leasú aige, chun freastal ar na cásanna a leagtar amach i mír 1 den togra seo le haghaidh gníomh de chuid an Aontais, breithniú a dhéanamh ar fhoirmle shimplithe formheasa ionas nach mbeidh aon mhoill idir an méadú breise ar MRL agus úsáid na substainte a fhormheas in AE chun cásanna dálaí éagothroma do tháirgeoirí AE a sheachaint agus chun cásanna iomaíochta éagóraí a d'fhéadfadh a bheith ann ó tháirgeoirí i dtríú tíortha a chosc;

3. á iarraidh, a luaithe a dhéanfar an leasú seo ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, gur cheart é a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach maidir le cásanna comhchosúla atá ann cheana;

4. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, chuig an gComhairle, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

San Aontas Eorpach, tá údarú substaintí á rialú ag an nós imeachta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, lena bhféachtar le cosaint an duine, sláinte ainmhithe agus an chomhshaoil a áirithiú, agus iomaíochas talmhaíochta an Chomhphobail á chaomhnú ag an am céanna. Tá an próiseas sin bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, rud a chuireann cosc ar shubstaintí a fhormheas mura léiríonn tuarascáil ón Údarás go bhfuil siad sábháilte. Seachas sin, bunaítear uasleibhéal iarmhar (MRL) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh allmhairí ina bhfuil an tsubstaint sin iontu.

Bheadh tionchar ag modhnuithe ar MRL lena gceadaítear táirgí a theacht isteach sa mhargadh aonair le substaintí a bhfuil toirmeasc orthu ar dtús ar iomaíochas tháirgeoirí an Aontais, go dtí go bhformheasfar an tsubstaint tar éis na bhfoirmiúlachtaí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, rud atá contrártha le cuspóir chothroime an mhargaidh. Leis an leasú atá beartaithe, féachtar le cothrom iomaíochta a thabhairt ar ais sna cásanna sin.